C/2025/1166

14.2.2025

Fógra le haghaidh duine agus eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

(C/2025/1166)

Dírítear aird Igor Vladimirovich KRYLOV (Uimh. 1648.) agus Joint-Stock Company 'State Scientific and Production Enterprise "Region"' (Uimh. 339), duine agus eintiteas atá á n-áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá an Chomhairle ag brath ar na bearta sriantacha i gcoinne an duine agus an eintitis thuasluaite a choinneáil ar bun bunaithe ar ráitis nua ar chúiseanna agus/nó ar fhaisnéis nua. Leis seo, cuirtear in iúl don duine sin agus don eintiteas sin go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis a fháil a bhaineann le bearta sriantacha a choinneáil ar bun, roimh an **20 Feabhra 2025**, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1.C
Rue de la Loi 175
B-1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
Ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu